Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9026/23**

**SOC 293**
**GENDER 44**
**ECOFIN 404**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8487/23 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid<br>- *Formheas* |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le 'gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid.'

2. Tá na Conclúidí bunaithe ar thuarascáil a chuir an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) ar fáil dar teideal *'Evidence to action: gender equality and gender mainstreaming in the COVID-19 recovery*' [Fianaise chun gnímh: comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne i dtéarnamh COVID-19], agus a leagtar amach in 9298/23.

3. Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Cheisteanna Sóisialta na Conclúidí an 22 Márta, an 20 Aibreán agus an 8 Bealtaine 2023.

4. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tuarascáil EIGE a thabhairt dá aire, mar a leagtar amach in 9298/23 í; agus
- na dréachtchonclúidí atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO lena bhformheas ag an seisiún a bheidh aici an 12 Meitheamh 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**[1]

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI**

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine ag croílár luachanna an Aontais agus is prionsabal bunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh agus prionsabal a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir mná agus fir.

2. Le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceanglaítear ar an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, é a bheith d'aidhm aige neamhionannais idir mná agus fir a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur chun cinn.

3. Tá beartais chomhionannas inscne ríthábhachtach maidir le fás eacnamaíoch, rathúnas agus iomaíochas. Is réamhriachtanas í rannpháirtíocht chomhionann, iomlán agus éifeachtach na mban agus na bhfear araon i ngach réimse, lena n-áirítear san fhostaíocht, chun Aontas rathúil a bhaint amach agus a chothú. Tá freagairtí beartais réamhbhreathnaitheacha, amhail spriocanna Barcelona do 2030, ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch agus do chur chun cinn chumhachtú eacnamaíoch na mban.

1 Conclúidí arna dtarraingt suas i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus tagairt ar leith á déanamh do Phríomhréimse Imní H (Sásraí Institiúideacha chun Mná a Chur Chun Cinn).

4. De réir Phrionsabal 2 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (‘Comhionannas inscne’), ‘Ní mór deimhin a dhéanamh de go gcaitear go comhionann le mná agus le fir agus go mbeidh comhdheiseanna acu agus an méid sin a chothú i ngach réimse, lena n-áirítear rannpháirteachas sa mhargadh saothair, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus dul chun cinn sa ghairmréim. Tá an ceart ag mná agus fir ar phá comhionann a fháil as obair ar luach comhionann.’[2] Le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a chuir an Coimisiún i láthair, leagadh síos mar uaillmhian go ndéanfaí an bhearna fostaíochta idir na hinscní in 2030 a laghdú faoina leath ar a laghad i gcomparáid le 2019, chun an sprioc fhoriomlán a bhaint amach, is é sin 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe faoi 2030.

5. Tá rannpháirtíocht na mban in obair ar íocaíocht agus ar ardchaighdeán bunriachtanach a mhéid a bhaineann le fás eacnamaíoch agus le hiomaíochas agus ba cheart, dá bhrí sin, bearta a dhéanamh chun comhionannas idir mná agus fir a bhaint amach a mhéid a bhaineann le deiseanna sa mhargadh saothair agus leis an gcaoi a gcaitear leo ag an obair, go háirithe trí chomhréiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a éascú.

6. Le Treoirlíne Fostaíochta 8, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le hinfheistíocht shóisialta, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais, lena n-áirítear tríd an gcaoi a ndeartar cáinchórais agus córais sochar na mBallstát agus trí mheasúnú a dhéanamh ar thionchar dáileach a mbeartas maidir le comhionannas inscne. Bíonn impleachtaí sóisialta agus eacnamaíocha láidre ag cinntí maidir le cáin agus caiteachas rialtais, rud a mhúnlaíonn roghanna daoine maidir le hobair agus rannpháirtíocht eacnamaíoch, agus ar an gcaoi sin bíonn tionchar acu ar neamhspleáchas airgeadais na mban agus na bhfear.

---

[2] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d’fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017.

7. Sainaithnítear i gClár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, arna ghlacadh ag an gceathrú comhdháil dhomhanda ar stádas na mban in 1995, 'Sásraí Institiúideacha chun Mná a Chur Chun Cinn' (réimse H) mar cheann de na 12 phríomhréimse imní agus mar réamhriachtanas do phríomhshruthú inscne.

8. De réir mhír 202 de Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, 'Ba cheart do rialtais agus do ghníomhaithe eile beartas gníomhach agus infheicthe a chur chun cinn maidir le gné na hinscne a phríomhshruthú i ngach beartas agus i ngach clár ionas go ndéanfar anailís ar na héifeachtaí ar mhná agus ar fhir, faoi seach, sula ndéanfar cinntí.'[3]

9. Tá sé ríthábhachtach cur chuige déach i leith comhionannas inscne a shaothrú, ina gcomhcheanglófar príomhshruthú inscne, i.e. gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú go córasach i ngach beartas, i ngach clár agus i ngach buiséad le beartais shonracha maidir le comhionannas inscne agus le bearta spriocdhírithe.

**Á MHEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS**

10. In 2019, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit 'cur chun feidhme agus leanúnachas éifeachtach córasach an phríomhshruthaithe inscne a áirithiú i ngach réimse beartais trí na huirlisí praiticiúla a bhaineann le príomhshruthú a neartú, lena n-áirítear trí spriocanna agus táscairí inscne-shonracha a thabhairt isteach, trí mheasúnú tionchair inscne ar bhearta reachtacha agus beartais, agus trí bhuiséadú inscne, chomh maith le trí shásraí comhair agus cuntasachta trasearnálacha le faireachán a dhéanamh ar phríomhshruthú inscne ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon.'[4]

---

3 Na Náisiúin Aontaithe, *Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, arna ghlacadh ag an gceathrú comhdháil dhomhanda ar stádas na mban*, Deireadh Fómhair 1995.

4 14938/19.

11. In 2021, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach 'dlús a chur leis na hiarrachtaí gné na hinscne a phríomhshruthú go córasach i ngach straitéis agus beartas de chuid an Aontais amach anseo, lena n-áirítear trí bhuiséadú inscne a fhorbairt' agus 'modheolaíocht chun comhionannas inscne a rianú' agus trí 'anailís inscne a neartú de réir a chéile ar bhearta ábhartha reachtacha agus beartais an Aontais i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, mar phríomhuirlisí le haghaidh príomhshruthú inscne.'[5]

12. In 2022, d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit príomhshruthú inscne a chur chun cinn agus tacaíocht á tabhairt do dhaoine, go háirithe mná agus cailíní, atá easáitithe as an Úcráin agus as áiteanna eile ar domhan. D'iarr sí freisin ar na Ballstáit príomhshruthú inscne a chur chun cinn i gceapadh, cur chun feidhme agus meastóireacht na mbeart arna ndéanamh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim eacnamaíoch, ar fud na n-earnálacha uile, agus bunaithe ar shonraí atá ann cheana. Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit príomhshruthú inscne a chur chun cinn sa taighde, sna cinntí agus sna beartais uile a bhaineann leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas agus sna beartais uile a bhaineann leis an mbochtaineacht fuinnimh[6].

13. Luaitear sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 ón gCoimisiún Eorpach 'go bhfuil sé ríthábhachtach gné na hinscne a áireamh i mbeartais agus i bpróisis uile an Aontais chun sprioc an chomhionannais inscne a bhaint amach.'[7]

---

[5] 12829/21.
[6] 15133/22.
[7] 6678/20.

14. Sainmhíníonn Comhairle na hEorpa príomhshruthú inscne mar seo a leanas: 'na próisis bheartais a eagrú nó a atheagrú, a fheabhsú, a fhorbairt agus a mheas chun deimhin a dhéanamh de go gcuirfidh na gníomhaithe a bhíonn rannpháirteach go hiondúil i gceapadh beartais gné an chomhionannais inscne san áireamh sna beartais uile ar gach leibhéal agus ag gach céim'[8].

15. Chun príomhshruthú inscne a chur chun feidhme go rathúil, tá gá le tiomantas polaitiúil foriomlán, *inter alia*, maidir le measúnuithe tionchair inscne *ex-ante* agus meastóireacht ar bheartais, sásraí láidre institiúideacha, agus fothú acmhainneachta. Is uirlisí fíor-riachtanach iad staidreamh agus táscairí imdhealaithe de réir gnéis chun cuspóirí beartas comhionannais inscne a bhaint amach.

16. Tá cur chun feidhme an phríomhshruthaithe inscne, *inter alia* trí bhuiséadú inscne a institiúidiú, bunriachtanach chun beartais ábhartha a mhaoiniú chun bearnaí idir na hinscní a dhúnadh.

17. I gcomhthéacs freagairtí ar ghéarchéimeanna, tá tábhacht ar leith ag baint le gné an chomhionannais inscne a chur i bhfeidhm in anailísí, measúnuithe agus buiséadú chun dul i ngleic go rathúil le bearnaí leanúnacha idir na hinscní agus, ar an gcaoi sin, dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo an chomhionannais inscne. Maidir le bearta freagartha ar ghéarchéimeanna, lena n-áirítear iad siúd a thugann aghaidh ar éifeachtaí phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, d'fhéadfadh siad bearnaí seanbhunaithe idir na hinscní a dhúnadh de réir a chéile agus cabhrú le foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, chomh maith le cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun cinn as a n-eascróidh fás cuimsitheach agus iomaíochas.

[8] Comhairle na hEorpa. Príomhshruthú inscne: creat coincheapúil, modheolaíocht agus cur i láthair na ndea-chleachtas. Strasbourg, 1998.

18. Tugtar faoi deara in Aithris 28 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta gurb iad na mná go háirithe a bhí buailte ag géarchéim COVID-19.[9]

19. Le hAirteagal 18, mír 4, pointe b den Rialachán, ceanglaítear ar na Ballstáit míniú a thabhairt 'ar an gcaoi a rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin go léir nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha (...) dírithe ar na Ballstáit lena mbaineann, nó ar dhúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.'

20. Le hAirteagal 18, mír 4, pointe o den Rialachán, ceanglaítear ar na Ballstáit míniú a thabhairt 'ar an gcaoi a bhfuiltear ag dréim leis go rannchuideoidh na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta le comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách agus le príomhshruthú na gcuspóirí sin, i gcomhréir le prionsabail 2 agus 3 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus le prionsabal 5 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA agus, i gcás inarb ábhartha, leis an straitéis náisiúnta maidir le comhionannas inscne.'

21. I mí na Samhna 2022, ghlac an Coiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir Tuairim maidir le 'Príomhshruthú inscne i mbuiséid ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil'[10] ina bhfuil moltaí atá dírithe ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an gComhairle.

---

[9] IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75. Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32021R0241

[10] An Coiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir, *Tuairim maidir le príomhshruthú inscne i mbuiséid ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil san Aontas.* https://commission.europa.eu/publications/opinions-advisory-committee-equal-opportunities-women-and-men_en

**Á THABHAIRT DÁ hAIRE**

22. An tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) dar teideal '*Evidence to action: gender equality and gender mainstreaming in the COVID-19 recovery* [Fianaise chun gnímh: comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne i dtéarnamh COVID-19] ina ndéantar, *inter alia*, anailís ar na forálacha maidir le comhionannas inscne atá sa Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[11] agus anailís ar chomhionannas inscne sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

23. an chonclúid ar tháinig EIGE uirthi go raibh gné an chomhionannais inscne in easnamh ón togra bunaidh le haghaidh an Rialacháin maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

24. an chonclúid ar tháinig EIGE uirthi nach ndíríonn ach cuid an-bheag de na gníomhaíochtaí agus na hathchóirithe arna gcur san áireamh ag na Ballstáit ina gcuid bpleananna téarnaimh agus athléimneachta ar bhearta atá freagrúil ó thaobh inscne de, in ainneoin gur cuspóir ginearálta de chuid na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta é maolú a dhéanamh ar dhrochthionchair shóisialta agus eacnamaíocha phaindéim COVID-19 ar mhná, i measc grúpaí eile a ndéantar difear dóibh.

25. an chonclúid ar tháinig EIGE uirthi go bhféadfadh bearta níos éifeachtaí a bheith ann mar thoradh ar rannpháirtíocht níos dlúithe saineolaithe um chomhionannas inscne sna Ballstáit agus na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta á n-ullmhú agus á ndréachtú chun sineirgí a chothú leis na tosaíochtaí beartais náisiúnta maidir le comhionannas inscne, chun tacú le príomhshruthú inscne sna pleananna agus chun freagairt do na dúshláin maidir le comhionannas inscne a eascraíonn as paindéim COVID-19.

26. Conclúid EIGE 'go bhfuil géarghá le sonraí imdhealaithe de réir gnéis agus le huirlisí príomhshruthaithe inscne chun na sonraí, an fhaisnéis agus na modhanna is gá a sholáthar chun gné na hinscne a chomhtháthú sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta.'[12]

---

[11] 9298/23.

[12] EIGE, *Evidence to action: gender equality and gender mainstreaming in the COVID-19 recovery* [Fianaise chun gnímh: comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne i dtéarnamh COVID-19], lch. 36.

27. An anailís a rinne an Coimisiún Eorpach ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a mhéid a bhaineann lena tionchar ar chomhionannas, ina léirítear gur thug na Ballstáit aghaidh ar dhúshláin i réimse an chomhionannais inscne ar bhealaí éagsúla ina gcuid pleananna téarnaimh agus athléimneachta trí bhíthin athchóirithe sonracha a bhféadfadh éifeachtaí marthanacha a bheith acu, trí infheistíochtaí spriocdhírithe, agus trí chomhionannas a phríomhshruthú i réimsí beartais éagsúla, agus go raibh sciar na mbeart sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta arna nglacadh faoi mhí na Samhna 2022 a dhíríonn ar chomhionannas inscne idir 8 faoin gcéad agus 11 faoin gcéad do na trí Bhallstát lena mbaineann an rangú is airde.[13]

**DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS**

28. Tógann an tacar conclúidí seo ar obair a rinneadh cheana agus ar ghealltanais pholaitiúla ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa agus ó ghealllsealbhóirí ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

[13] An Coimisiún Eorpach, Anailís théamach an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta ar an gComhionannas, Eanáir 2023.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus na himthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

29. Dlús a chur leis na hiarrachtaí comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn trí shásraí institiúideacha ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) a áirithiú go ndéanfar príomhshruthú inscne a chur chun feidhme go héifeachtach ar bhonn uile-rialtais agus i ngach beartas rialtais ar bhealach a bhaineann leas iomlán as an saineolas atá ar fáil maidir le comhionannas inscne;

b) leanúint de na Conclúidí ón gComhairle roimhe seo maidir le sásraí institiúideacha éifeachtacha a chur i gcrích, agus sásraí comhordaithe a bhunú laistigh de na haireachtaí uile, lena gcuirfear eolas leordhóthanach agus scileanna teicniúla leordhóthanacha ar fáil chun príomhshruthú inscne a áirithiú i ngach réimse beartais;

c) comhordú idir-aireachtaí a áirithiú maidir le príomhshruthú inscne i mbeartas an rialtais, chun cur chun feidhme a neartú agus chun malartuithe dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh a éascú;

d) cuspóirí beartais náisiúnta, creataí beartais nó straitéisí comhionannais inscne a ghlacadh chomh maith le pleananna gníomhaíochta; agus

e) faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an obair maidir le príomhshruthú inscne, chun comhionannas inscne a chur chun cinn.

30. A áirithiú go gcuirfear bearta chun feidhme go tráthúil agus go héifeachtach chun comhionannas inscne a fheabhsú ina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus in ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais agus a áirithiú go gcuirfear comhionannas inscne san áireamh le linn an phróisis sin, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na huirlisí atá ar fáil, mar shampla soláthar inscne-fhreagrúil.

31. Bailiú, anailísiú, foilsiú agus úsáid sonraí staidrimh atá imdhealaithe de réir inscne a chur chun cinn agus a fhorbairt mar bhonn do phríomhshruthú inscne i ngach réimse beartais, gan ualach riaracháin iomarcach a chruthú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) a áirithiú go ndéanfaidh an córas staidrimh náisiúnta agus na húdaráis rialtais ábhartha sonraí staidrimh atá imdhealaithe de réir inscne a bhailiú, a anailísiú agus a chur i láthair, agus na sonraí sin a chur ar fáil don phobal;

b) soláthar acmhainní leordhóthanacha a áirithiú do na húdaráis staidrimh náisiúnta a dhéanann comhordú ar bhailiú agus próiseáil sonraí staidrimh, chun freagairt leordhóthanach a thabhairt ar an ngá atá le sonraí atá imdhealaithe de réir inscne;

c) é a chur de chúram ar údaráis rialtais sonraí staidrimh a bhaineann le daoine aonair nó le grúpaí daoine aonair atá le himdhealú de réir inscne agus comhcheangailte, i gcás inarb iomchuí, le saintréithe ábhartha eile, a áireamh sa tuairisciú don rialtas, i ngach réimse beartais;

d) rochtain a sholáthar ar thacaíocht mhodheolaíoch, treoir agus oiliúint do státseirbhísigh chun feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le bailiú sonraí imdhealaithe de réir inscne, chun cur ar a gcumas oibriú go héifeachtach le staidreamh atá imdhealaithe de réir inscne agus feabhas a chur ar a dtuiscint ar ábharthacht an staidrimh sin; agus

e) bearta nithiúla a ghlacadh lena áirithiú go ndéanfar bailiú staidrimh atá imdhealaithe de réir inscne a phríomhshruthú agus go mbeidh sé ina cheanglas san earnáil phoiblí.

32. Cistiú leordhóthanach spriocdhírithe a áirithiú do bhearta chun neamhionannais inscne a laghdú, lena n-áirítear bearta chun na bearnaí eacnamaíocha, fostaíochta, pá, cúraim agus pinsin a laghdú, agus bearta chun foréigean inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, mar aon le bearta chun obair leantach a dhéanamh ar na Moltaí ón gComhairle le déanaí lena dtacaítear le rochtain ar oideachas, cúram agus cúram fadtéarmach na luath-óige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán.

33. Comhtháthú ghné an chomhionannais inscne a chur chun cinn go córasach ag gach céim den cheapadh beartais agus den reachtaíocht lena n-áirítear pleanáil, cinnteoireacht, cur chun feidhme agus meastóireacht, agus leanúint den ghealltanas polaitiúil agus cuntasacht i ndáil le príomhshruthú inscne a neartú.

34. Comhoibriú le saineolaithe comhionannais inscne, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin fhiúntacha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le lucht acadúil, chun a áirithiú go n-áireofar gné an chomhionannais inscne i ngach céim de phleanáil, de chur chun feidhme agus de mheastóireacht a mhéid a bhaineann le gach mórthionscnamh.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus na himthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

35. Príomhshruthú inscne a chur chun feidhme sa cheapadh beartais, sna cláir agus sna buiséid uile, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a) sonraí atá imdhealaithe de réir inscne a bhailiú, a scaipeadh, a anailísiú agus a úsáid;

    b) cuspóirí beartais nithiúla agus spriocanna sonracha a cheapadh chun bearnaí inscne atá ann cheana a dhúnadh;

    c) úsáid a bhaint as na huirlisí agus modheolaíochtaí atá ar fáil chun phríomhshruthú inscne a neartú i ngach próiseas cinnteoireachta; agus

    d) doiciméid bheartais stiúrtha a ghlacadh chun cur chun feidhme córasach fadtéarmach an phríomhshruthaithe inscne a áirithiú, lena n-áirítear i bpróiseas an bhuiséid, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

36. A áirithiú go dtabharfar aghaidh go hiomlán ar ghnéithe comhionannais inscne d'athchóirithe airgeadais, eacnamaíocha agus mhargadh an tsaothair faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, i gcomhréir leis na Treoirlínte Fostaíochta, agus go mbainfear leas iomlán as an Seimeastar chun comhionannas inscne a chur chun cinn san Aontas.

37. Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an phríomhshruthaithe inscne a rinneadh cheana, lena n-áirítear i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid, mar shampla trí mheastóireachtaí seachtracha agus neamhspleácha a choimisiúnú.

38. Meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar dáileacháin ar mhná agus ar fhir a bhíonn ag beartais agus ag leithdháileadh cistiúcháin agus acmhainní eile, ionas go mbeifear in ann bearta spriocdhírithe éifeachtacha a dhéanamh amach anseo.

39. Fothú acmhainneachta córasach agus úsáid uirlisí modheolaíochta agus comhairliúchán fóinteach le saineolaithe comhionannais inscne a áirithiú, chomh maith le comhar trasearnálach a chur chun cinn, chun príomhshruthú inscne a éascú agus a fheabhsú i ngach réimse beartais.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

40. A áirithiú go ndéanfar gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú go córasach i dtionscnaimh bheartais, mar a cuireadh béim air ina Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025, chomh maith lena gealltanas Aontas Comhionannais a chruthú a chomhlíonadh.

41. Sainmhíniú coiteann de chuid an Aontais ar an gcoincheap 'buiséadú inscne' a chur chun cinn, a shainíonn Comhairle na hEorpa mar 'measúnú inscnebhunaithe ar bhuiséid lena n-ionchorpraítear gné inscne ar gach leibhéal den phróiseas buiséadach agus athstruchtúrú ioncaim agus caiteachais chun comhionannas inscne a chur chun cinn.'[14]

42. A áirithiú go ndéanfar breithnithe comhionannais inscne a chomhtháthú i gcur chun feidhme bhuiséad an Aontais, chun bearnaí inscne atá fós ann a dhúnadh, lena n-áirítear go háirithe trí bhearta maoiniúcháin chun comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun cinn agus i gcomhréir leis na cláir caiteachais faoi seach faoi chuimsiú CAI, agus trí mhodheolaíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun caiteachas ar chomhionannas inscne a rianú i mbuiséad an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán.

43. A áirithiú go gcuirfear staidreamh atá imdhealaithe de réir inscne i láthair gach áit sna tuarascálacha ón gCoimisiún chomh maith le húsáid comhsheasmhach an staidrimh sin i ndoiciméid bheartais, *inter alia* agus an Tuarascáil Chomhpháirteach bhliantúil ar Fhostaíocht á dréachtú, chun bearnaí inscne atá fós ann a nochtadh agus a dhúnadh de réir a chéile.

44. Iarrachtaí a neartú maidir le gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

---

**14** Comhairle na hEorpa (2005), Tuarascáil deiridh ón nGrúpa Saineolaithe um Buiséadú Inscne (EG-S-GB), EG-S-GB (2004) RAP FIN; An Rannán Comhionannais, Ard-Stiúrthóireacht Chearta an Duine, Comhairle na hEorpa, Strasbourg, lch. 10. Ar fáil: [Buiséadú inscne (coe.int)]

45. A áirithiú go ndéanfar gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú i ndréachtú pacáistí freagartha ar ghéarchéimeanna agus tionscnamh eile a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i ngníomhartha reachtacha amach anseo a bhaineann le pacáistí freagartha ar ghéarchéimeanna;

b) príomhshruthú córasach a dhéanamh ar ghnéithe an chomhionannais inscne i gcomhthéacs na freagartha ar ghéarchéimeanna agus i mbainistiú géarchéime;

c) anailís ábhartha ar an gcaoi ar cuireadh príomhshruthú inscne chun feidhme i dtuarascálacha meántéarma agus i dtuarascálacha athbhreithnithe i gcomhthéacs na freagartha ar ghéarchéimeanna; agus

d) uirlisí atá ar fáil a chur chun cinn lena dtacaítear le breithnithe comhionannais inscne a phríomhshruthú i gcomhthéacs na freagartha ar ghéarchéimeanna ar an leibhéal náisiúnta.

46. Struchtúir agus acmhainneacht riachtanacha a áirithiú chun príomhshruthú inscne a stiúradh, agus a chomhordú i bpróisis an Choimisiúin, agus chun faireachán agus measúnú a dhéanamh air ar bhealach éifeachtach, lena n-áirítear i ndáil le buiséad agus cistí an Aontais agus cláir caiteachais ábhartha faoi chuimsiú CAI.

## Tagairtí

### 1. Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais Eorpaigh

Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017.

https://commission.europa.eu/publications/european-pillar-social-rights-booklet_en

### 2. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75)

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32021R0241

### 3. An Chomhairle

Na conclúidí ar fad ón gComhairle a glacadh maidir leis an athbhreithniú ar chlár oibre gníomhaíochta Bhéising agus conclúidí eile ón gComhairle maidir le comhionannas inscne agus ábhair ábhartha eile, go mór mór iad siúd a luaitear thíos:

– Conclúidí ón gComhairle maidir le héifeachtacht na Sásraí Institiúideacha le haghaidh Mná agus Comhionannas Inscne a chur chun cinn (17605/13)

  https://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/lsa/139978.pdf

– Na Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas idir mná agus fir sa chinnteoireacht (14327/15)

  pdf (europa.eu)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn: Breithniú ar 25 bliana de Chur chun Feidhme Chlár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht (14938/19)

https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-14938-2019-INIT/en/pdf

– Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh (13584/20)

pdf (europa.eu)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Tionchar Socheacnamaíoch COVID-19 ar an gComhionannas Inscne (8884/21)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 10/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Príomhshruthú Inscne i mbuiséad an Aontais (12829/21)

https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12829-2021-INIT/en/pdf

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas inscne i ngeilleagair shuaite: díriú ar an nglúin óg (15133/22)

pdf (europa.eu)

– Cinneadh (AE) 2022/2296 ón gComhairle an 21 Samhain 2022 maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát. (IO L 304, 24.11.2022, lgh. 67–77)

EUR-Lex - 32022D2296 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

**4. An fhoireann trí Uachtaránacht**

Dearbhú Trípháirteach ón Uachtaránacht maidir le Comhionannas Inscne, arna shíniú ag an bhFrainc, ag Poblacht na Seice agus ag an tSualainn (Eanáir 2022)

https://www.vlada.cz/assets/ppov/rovne-prilezitosti-zen-a-muzu/dokumenty/trio-presidency-declaration-on-gender-equality-france-the-czech-republic-and-sweden-2022-2023_1.pdf

5. **An Coimisiún Eorpach**

*2023 Report on equality between women and men in the European Union 2023* [Tuarascáil 2023 maidir leis an gcomhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach] (SWD (2023)55final)

Straitéis um Chomhionannas Inscne (europa.eu)

*A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025]. 6678/20. (Tagairt an Choimisiúin: (COM(2020)152 final.)

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0152

Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (6649/21 + ADD 1 + ADD 2)

pdf (europa.eu)

Anailís théamach an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta ar an gComhionannas, Eanáir 2023.

Tuairim ón gCoiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir maidir le príomhshruthú inscne i mbuiséid ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil san Aontas Eorpach https://commission.europa.eu/publications/opinions-advisory-committee-equal-opportunities-women-and-men_en

6. **Parlaimint na hEorpa**

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2022 ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/2251(INI))

7. **An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)**

Fianaise chun gnímh: comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne i dtéarnamh COVID-19 (9298/23)

Buiséadú inscne. Inscne a phríomhshruthú i mbuiséad an Aontais agus i gcreat beartais mhaicreacnamaíoch, 2018.

https://eige.europa.eu/gender-mainstreaming/methods-tools/gender-budgeting)

Measúnú Tionchair Inscne: Sraith straitéisí príomhshruthaithe inscne, 2016.
https://eige.europa.eu/publications/gender-impact-assessment-gender-mainstreaming-toolkit

8. **Comhairle na hEorpa**

Tuarascáil deiridh ón nGrúpa Saineolaithe um Buiséadú Inscne (EG-S-GB), EG-S-GB (2004) RAP FIN; An Rannán Comhionannais, Ard-Stiúrthóireacht Chearta an Duine, Comhairle na hEorpa, Strasbourg, lch. 10.

Buiséadú inscne (coe.int)

Buiséadú Inscne - Cur Chun Feidhme Praiticiúil - Lámhleabhar CDEG(2008)15 (2009)
https://rm.coe.int/1680599885

Príomhshruthú inscne: creat coincheapúil, modheolaíocht agus cur i láthair na ndea-chleachtas. Strasbourg, 1998.

**9. An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)**

Marcóir beartais comhionannais inscne de chuid an Choiste Cúnaimh Forbartha

Marcóir beartais DAC maidir le comhionannas inscne — ECFE

Dréacht le haghaidh plé — Dea-chleachtais ECFE le haghaidh Buiséadú Inscne (2022)

Dea-chleachtais ECFE maidir le Buiséadú Inscne

Buiséadú inscne i dtíortha ECFE (2017)

https://www.oecd.org/gender/Gender-Budgeting-in-OECD-countries.pdf

I dtreo téarnamh inscnebhunaithe (2021)

https://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/towards-gender-inclusive-recovery-ab597807/

**10. Na Náisiúin Aontaithe**

Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (Clár Oibre na Náisiún Aontaithe don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban)

https://www.refworld.org/docid/3dde04324.html

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)

An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (un.org)